Ceacht a Trí: Rang 5-6

Nótaí don Mhúinteoir

Sleamhnán 1:

A Mhúinteoir, a chara,

Fearaimid fáilte romhat chuig an tríú ceann de cheithre cheacht do rang 5-6, atá ar fáil mar chuid de Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2023.*

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh oifigiúil Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear. I gclár an Rialtais do chúnamh forbartha thar lear, dírítear ar bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe, agus cuirtear béim ar leith ar an gcomhionannas inscne, ar an ngá le cabhair dhaonnúil a laghdú, ar thacú le gníomhaíochtaí ar son na haeráide, agus ar an rialachas a neartú ar fud an domhain go léir.

Cuireadh Duaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, ar bun in 2005 chun daltaí bunscoile a spreagadh le foghlaim faoin gcaoi a mbíonn Éire, trí chlár Chúnamh Éireann, ag obair ar na fadhbanna sin in éineacht le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach), rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus pobail éagsúla.

Tá áthas an domhain orainn go bhfuil sé beartaithe agat páirt a ghlacadh sna Duaiseanna i mbliana. Tá súil againn go mbainfidh an rang taitneamh as na gníomhaíochtaí agus na scéalta san iris agus sna ceachtanna, agus go spreagfar iad chun a saothar féin a chumadh agus a chur isteach lena fhoilsiú in ***Gníomhaithe Spriocanna Domhanda*, an iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí.**

SPRIOCDHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA: **Dé Luain, 13 Feabhra 2023**

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 13 Feabhra 2023 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuachan.

SPRIOCDHÁTA DEIRIDH: **Dé hAoine, 31 Márta 2023**

Tá sonraí breise le fáil ar **www.ourworldirishaidawards.ie** mar aon le faisnéis ar conas is féidir saothar le daltaí a chur isteach don iris ***Gníomhaithe Spriocanna Domhanda***

Tá gach ceacht deartha le haghaidh thart ar 45 nóiméad d'am teagmhála leis an rang. Tá nasc acu leis an gcuraclam (féach Sleamhnán 2) agus tá siad réidh le húsáid sa seomra ranga. Níl mórán ullmhúcháin le déanamh agat féin ar chor ar bith. Níl le déanamh agat ach na

nótaí don mhúinteoir a léamh (tá na nótaí le fáil ag bun gach sleamhnáin sa ghnáth-amharc) agus dul i dtaithí ar na beochaintí (leis an mód 'cur i láthair') roimh an rang.
Ag brath ar an leagan de PowerPoint atá in úsáid agat, b'fhéidir go mbeifeá in ann féachaint ar na nótaí agus an cur i láthair ar siúl. Ná bí buartha mura bhfuil – is féidir pdf de na nótaí sleamhnáin a oscailt agus a phriontáil mar chabhair duit sa rang ar an láithreán gréasáin.

Aithnímid go bhfuil aithne mhaith agat, mar mhúinteoir, ar do chuid daltaí. Mar gheall air sin, is féidir an t-ábhar go léir ar na sleamhnáin a athrú le gur féidir leat athruithe a dhéanamh ar an gceacht lena chur in oiriúint do chomhthéacs agus do riachtanais na leanaí sa rang agat. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach freisin na Treoirlínte maidir le Dea-chleachtas a léamh. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc agus tá sé ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin.

*Má tá comhghleacaithe leat ag teagasc i rang 3-4, is féidir leat a rá leo go bhfuil ceachtanna atá nasctha le curaclam rang 3-4 le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Bíonn ionadh an domhain orainn gach aon bhliain nuair a fheicimid cé chomh cruthaitheach agus nuálaíoch a bhíonn na daltaí agus na múinteoirí ar fud na tíre a ghlacann páirt sna Duaiseanna. Táimid ag súil go mór le bhur gcuid iarrachtaí a fheiceáil i mbliana ar an téama 'Comhionannas Do Chách'. Ná déan dearmad bhur n-aistear Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid** / **@ourworldirishaidawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**.

Le gach dea-ghuí duit féin agus do na daltaí.

Foireann Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne

Sleamhnán 2:

Nótaí don Mhúinteoir (níl aon nótaí ann)

Sleamhnán 3:

Nótaí don Mhúinteoir (níl aon nótaí ann)

Sleamhnán 4: Spriocanna foghlama (2 bheochan i ndiaidh a chéile ag * Cliceáil)

Nóta maidir le híogaireacht: Mar mhúinteoir, tá aithne mhaith agat ar do chuid daltaí. Tá lánchead agat athruithe a dhéanamh ar an gceacht lena chur in oiriúint do riachtanais na leanaí sa rang agat.

Féach na Treoirlínte maidir le Dea-chleachtas. Tá eolas ann ar an dea-chleachtas maidir le ceachtanna ar an mbochtaineacht agus ar chúrsaí forbartha a theagasc, agus tá sé ar fáil i roinn na múinteoirí ar an láithreán gréasáin: www.ourworldirishaidawards.ie

Iarr ar dhaltaí an trí sprioc foghlama le haghaidh Cheacht a Trí a léamh amach.

*** Cliceáil** chun na spriocanna foghlama a bheochan, ceann i ndiaidh a chéile.

Seiceáil go dtuigeann an rang na focail chasta, agus mínigh iad faoi mar is gá.

Tá Ceacht a Trí bunaithe ar chás-staidéar den obair a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann sa Mhaláiv, tír in Oirdheisceart na hAfraice.

Sleamhnán 5: Gníomhaíocht 1 (Inscne) (1 bheochan amháin ag * Cliceáil)

Tá níos mó i gceist leis an gcomhionannas ná díreach caitheamh mar a chéile le gach duine. Baineann sé le gach aon duine a chur san áireamh agus caitheamh go cóir le gach duine le go mbíonn an toradh céanna ann do gach duine. Is ceann de chearta an duine é go gcaitear go cothrom linn.

Faraor, bíonn daoine á steiréitíopáil uaireanta mar gheall ar cé hiad féin, na rudaí atá acu, cá as dóibh srl. Is minic a bhíonn steiréitíopaí bunaithe ar fhaisnéis mhícheart nó ar dhearcthaí nó ar thuairimí míchearta, agus cuirtear lipéad ar dhaoine mar thoradh ar steiréitíopaí. D'fhéadfadh steiréitíopaí a bheith dearfach (mar shampla, 'Tá neart fuinnimh agus samhlaíochta ag gach duine óg') nó diúltach (mar shampla 'Bíonn uaigneas ar gach duine aosta'). Nuair is measa iad, caitear go míchothrom agus go héagórach le daoine mar thoradh ar steiréitíopaí.

Roinn na daltaí ina ngrúpaí beaga.

Oibrímis le chéile chun teacht suas le liosta steiréitíopaí a bhaineann le hinscne (i gcás cailíní/ban agus i gcás buachaillí/fear).

[Leideanna: ní bhíonn buachaillí ag spraoi le bábóga; níl cailíní chomh maith céanna ag an eolaíocht is atá buachaillí; taitníonn ceardaíocht le gach cailín; taitníonn spórt le gach buachaill; iarrtar ar chailíní rudaí a ghlanadh sa bhaile; bíonn éadaí gorma á gcaitheamh ag

buachaillí; níor cheart do bhuachaillí a bheith ag caoineadh; bíonn mná níos fearr ag tabhairt aire do naíonáin agus do leanaí; bíonn fir ag troid i gcogaí]

Bailigh aiseolas ó chuid de na grúpaí.

Cén áit a bhfeicfimid nó a gcloisimid teachtaireachtaí maidir le róil inscne? [Leideanna: sa bhaile nó ar scoil, i leabhair, scannáin, cluichí, ar líne]

Déanann neamhionannais inscne dochar do gach duine. Is eol dúinn go mbíonn neamhionannas níos mó le sárú ag cailíní/mná ina róil sa tsochaí agus ina gcaidrimh ar fud an domhain. Mar shampla, táirgeann mná breis is leath de bhia an domhain, ach tá níos lú ná 10% den talamh acu. Foinse: https://www.un.org/en/chronicle/article/women-in-shadow-climate-change

Ní hiad cailíní/mná amháin a bhraitheann tionchar diúltach an neamhionannais inscne: déanann sé difear do gach aon duine.

*** Cliceáil** chun an bheochan a sheinm sa tábla 'cailíní/mná' agus an gif de na Spriocanna Domhanda ina bhfuil Sprioc 5 sa lár a bheochan.

Comhionannas inscne atá i Sprioc Dhomhanda 5 agus aithníonn na 193 thír sna Náisiúin Aontaithe, Éire ina measc, go bhfuil an comhionannas inscne an-tábhachtach ar fad chun na Spriocanna Domhanda eile go léir a bhaint amach.

Foghlaimítear gach ról inscne agus gach steiréitíopa faoi inscne. Mar gheall air sin, is féidir iad a cheistiú, droim láimhe a thabhairt dóibh, agus iad a athrú, in Éirinn agus ar fud an domhain mhóir.

Sleamhnán 6: Gníomhaíocht 2 (Tiwoloke agus Umodzi) (1 bheochan amháin ag * Cliceáil)

Tá an Mhaláiv ar cheann de na tíortha ina mbíonn Cúnamh Éireann (clár cúnaimh Rialtas na hÉireann le haghaidh forbairt thar leat) ag obair chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach. 'Croí cairdiúil na hAfraice' a thugtar ar an Maláiv go minic mar tá na daoine ann an-chairdiúil go deo.

Idir 2017 agus 2021, thug Cúnamh Éireann airgead do Concern Worldwide (eagraíocht neamhrialtasach) chun dul i ngleic leis an eisiamh agus leis an neamhionannas trí thacú le teaghlaigh sa Mhaláiv éalú ón mbochtaineacht.

An féidir leat Éire a aimsiú ar an léarscáil den domhan?

*** Cliceáil** chun saighead go hÉirinn a bheochan

Sleamhnán 7: Gníomhaíocht 2 (Tiwoloke agus Umodzi) (gan bheochan)

Baineann an comhionannas le gach aon duine a chur san áireamh agus caitheamh go cóir le gach duine le go mbíonn an toradh céanna ann do gach duine. Mar shampla, is féidir tacú le daoine atá faoi mhíbhuntáiste ar bhealach éigin.

Le maoiniú ó Chúnamh Éireann, chuir Concern Worldwide, eagraíocht neamhrialtasach, clár Tiwoloke ar fáil chun tacú le teaghlaigh sa Mhaláiv éalú ón mbochtaineacht. 'Trasnaímis' an bhrí atá le Tiwoloke sa tSiséivis, teanga oifigiúil sa Mhaláiv. Mar shampla, teaghlaigh i gceantar Nsanje i ndeisceart na Maláive (grianghraf 1: tírdhreach tuaithe, ceantar Nsanje)*, ghlac siad páirt in oiliúint gnó agus tugadh suimeanna beaga airgid dóibh in aghaidh na míosa ar feadh 18 mí chun cur lena bpá nó lena n-ioncam, agus tugadh suim níos mó dóibh chun a ngnólacht féin a thosú nó a fhorbairt. Bhí siad ábalta airgead níos fearr a ghnóthú agus airgead a chur i leataobh don todhchaí mar thoradh ar an tacaíocht sin agus ar a gcuid oibre crua féin.***

** Is féidir éisteacht le fuaimniú ceart na bhfocal 'Tiwoloke', 'Chichewa' (an tSiséivis) agus 'Nsanje' – sa ghnáth-amharc, cliceáil ar na taifeadtaí fuaime os cionn lógó Chúnamh Éireann ar an sleamhnán; sa mhód 'cur i láthair', seinnfear na taifeadtaí fuaime go huathoibríoch nuair a chliceálfaidh tú chun bogadh ar aghaidh.

Mar gheall gur ghlac na daoine seo páirt i gclár Tiwoloke:

- *D'éirigh le Mike gnólacht táthúcháin a bhunú* – grianghraf 2.
- *D'éirigh le Eliza agus Landen Manjolo gnólacht tacsaithe gluaisrothair a bhunú* – grianghraf 3.
- *D'éirigh le Forty Sakha agus Chrissy, a bhean chéile, gnólacht táilliúireachta a bhunú* – grianghraf 4.

An bhfeiceann tú aon rud i ngrianghraif 2, 3 agus 4 a thagann le steiréitíopaí maidir le cúrsaí inscne nó a thagann salach orthu?

Gach grianghraf © Chris Gagnon/Concern Worldwide

Sleamhnán 8: Gníomhaíocht 2 (Tiwoloke agus Umodzi) (gan bheochan)

*Roinnt de na lánúnacha i gclár Tiwoloke, ghlac siad páirt in oiliúint ar an gcomhionannas inscne freisin. Umodzi an t-ainm ar an oiliúint sin. 'Ní féidir an díon a choinneáil thuas le haon chloigeann amháin' an bhrí atá leis sin sa tSiséivis, teanga oifigiúil sa Mhaláiv.***

** Is féidir éisteacht le fuaimniú ceart na bhfocal 'Umodzi' agus 'Chichewa' (an tSiséivis) – sa ghnáth-amharc, cliceáil ar na taifeadtaí fuaime os cionn lógó Chúnamh Éireann ar an sleamhnán; sa mhód 'cur i láthair', seinnfear na taifeadtaí fuaime go huathoibríoch nuair a chliceálfaidh tú chun bogadh ar aghaidh.

San oiliúint sin, cuimsíodh téamaí amhail noirm inscne (cosúil leo sin a chonaiceamar i nGníomhaíocht 1), cumhacht, cinntí a dhéanamh, agus conas buiséad a leagan amach don teaghlach.

Féachaimis ar fhíseán gairid de Luka agus Mary, lánúin a ghlac páirt in oiliúint Umodzi. Breac síos aon rud spéisiúil a fheiceann tú nó a chloiseann tú, dar leat, agus tú ag féachaint ar an bhfíseán.

Cliceáil ar an íomhá ar an Sleamhnán chun an físeán a sheinm (2.04 nóiméad).

Is léir gur féidir oiliúint Umodzi de chuid Concern a nascadh le Sprioc Dhomhanda 5: Comhionannas Inscne. An féidir leat na rudaí a chonaic tú nó a chuala tú san fhíseán a nascadh le haon cheann eile de na Spriocanna Domhanda? Freagraí féideartha: Sprioc 1: Deireadh le bochtaineacht, Sprioc 2: Deireadh le hocras, Sprioc 4: Oideachas den scoth, Sprioc 10: Neamhionannais laghdaithe)

Sleamhnán 9: Gníomhaíocht 2 (Tiwoloke agus Umodzi) (gan bheochan)

Roinn na daltaí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga.

Samhlaigh go bhfuil tú ag obair le seirbhís sruthaithe ar líne. An post atá agat ná ábhar ar líne a chruthú a fheicfidh an lucht féachana agus iad ag roghnú céard air a bhféachfaidh siad.

Cóipeáil an teimpléad ar an sleamhnán (seachas an téacs a bhfuil dath corcra air).

Sa bhosca ar bharr, tarraing pictiúr de rud éigin a chabhróidh leis an lucht féachana an clár a thuiscint. D'fhéadfá pictiúr a tharraingt de rud spéisiúil ón bhfíseán, mar shampla, nó rud éigin a sheasann d'oiliúint Umodzi nó a léiríonn na rudaí atá i gceist leis.

Ansin, ag obair leis an ngrúpa, cum teideal maith don fhíseán – rud éigin a mheallfaidh an lucht féachana.

Ar deireadh, scríobh achoimre dhá abairt (blurba) faoin bhfíseán.

Sleamhnán 10: Gníomhaíocht 3 (Gníomhaithe Spriocanna Domhanda) (3 bheochan i ndiaidh a chéile ag * Cliceáil)

Beimid páirteach i nDuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne.

Beidh na saothair bunaithe ar 'Comhionannas do Chách', téama na nDuaiseanna 2023, ar na Spriocanna Domhanda go ginearálta agus/nó ar obair Chúnamh Éireann i dtíortha éagsúla.
*** Cliceáil** chun an bheochan a sheinm sna samplaí d'iontrálacha
Baineann na hiontrálacha sin ar fad le 'Folláine don Dhaoine agus don Phláinéad', téama 2022. Rinne gach scoil rud éigin difriúil, mar sin féin. Scoil Náisiúnta Chromghlinne = taispeántas don bhalla, Scoil Náisiúnta na Rátha Móire = leabhrán, Bunscoil Naomh Muire = iris. Is é 'Comhionannas do Chách' téama na bliana seo.
Is féidir saothar a chur isteach i bhformáid ar bith. Mar sin, is féidir linn gearrscéalta, dánta, suirbhéanna, físeán de thaibhiú, póstaeir, nó rud éigin eile a chur isteach. Mar sin, téigí i mbun machnaimh!

Is féidir linn cibé am atá ag teastáil a ghlacadh chun ár saothar a chumadh, agus is féidir linn roinnt saothair éagsúla a chur isteach.

Bronnfar deimhniú rannpháirtíochta orainn as saothar a chur isteach. B'fhéidir go bhfoilseofaí saothar linn in eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda*, na hirisí ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí****. *Tabharfar cuireadh do na múinteoirí/daltaí a chum na saothair is fearr teacht chuig na Gradaim Náisiúnta agus foilseofar a saothar in* ***Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda*** *i mí an Mheithimh 2023. Beidh an bhliainiris ar fáil ar líne agus mar iatán i nuachtán náisiúnta. Is lá den chéad scoth a bhíonn sna Gradaim Náisiúnta atá lán le gníomhaíochtaí spraíúla, agus is ann a bhronnfar na duaiseanna ar na scoileanna buaiteacha. Bronnfar cóip de Bliainiris Gníomhaithe Spriocanna Domhanda ar gach buaiteoir mar aon le plaic nó corn don scoil.*

Féach www.ourworldirishaidawards.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil mar aon le sonraí faoi iontrálacha a chur isteach ar Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne

SPRIOCDHÁTA D'IONTRÁLACHA LUATHA: **Dé Luain, 13 Feabhra 2023**

Beidh deis ag iontrálacha a fhaightear ó scoileanna faoin 13 Feabhra 2023 bosca d'ábhair ealaíne inbhuanaithe a bhuachan.

SPRIOCDHÁTA DEIRIDH: **Dé hAoine, 31 Márta 2023**

Líon isteach Foirm Iontrála (tá an fhoirm le fáil sa phacáiste eolais do mhúinteoirí nó is féidir í a íoslódáil ónár láithreán gréasáin) agus seol isteach an saothar ar ríomhphost chuig ourworld@realnation.ie nó sa phost chuig:

Duaiseanna Chúnamh Éireann:
An Domhan Seo Againne
Real Nation
24 Cé Árann, Baile Átha Cliath 7
D07 W620

Tá faisnéis bhreise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig an oifig tionscadail nó glaoch orainn má bhíonn ceist ar bith agat faoi Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, nó faoi shaothair a chur isteach:

Ríomhphost: ourworld@realnation.ie / **Fón:** 01 522 4834

Ba bhreá linn scéala a fháil uait ar conas atá ag éirí leat leis na hábhair churaclaim agus leis na saothair a bheidh á gcur isteach do na Duaiseanna. Is féidir bhur n-aistear Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2022, a chomhroinnt linn **@Irish_Aid** / **@ourworldirishaidawards** ar na meáin shóisialta leis an haischlib **#ourworldawards**

AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Tá acmhainní breise Chúnamh Éireann le fáil do dhaltaí bunscoile: https://www.irishaid.ie/teaching-and-learning/primary/

Sleamhnán 11: Machnamh ar an bhfoghlaim (3 bheochan ag * Cliceáil – 2 bheochan i ndiaidh a chéile ar an dara cliceáil)

Glacaimis cúpla nóiméad chun smaoineamh ar an méid a d'fhoghlaimíomar sa cheacht seo.

Samhlaigh go bhfuil tú ag imirt cispheile.

Faoi mar a léirítear ar an scáileán na rudaí go léir a bhí le foghlaim sa cheacht seo, ba cheart duit na rudaí seo a mhímeáil:

- *An ciseán buaiteach a fháil sa chluiche – má tá tú sásta gur fhoghlaim tú rud éigin*

*** Cliceáil** chun beochan a sheinm den liathróid ag dul isteach sa chiseán lena bhfuil i gceist agat a léiriú

- *An liathróid a dhruibleáil – má tá beagán tacaíocht bhreise uaim féin nó ó dhuine eile sa rang ag teastáil uait le bheith ábalta a rá gur fhoghlaim tú rud éigin*

*** Cliceáil** chun beochan a sheinm i ngach ceann de na spriocanna foghlama don cheacht seo, agus léigh amach os ard iad nuair a thaispeántar iad.

Féach cé na daltaí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Tá sár-obair déanta agaibh, agus is Gníomhaithe Spriocanna Domhanda den chéad scoth sibh go léir.

Sleamhnán 12: Smaoineamh faoi iontráil ar na Duaiseanna (gan bheochan)

Cruthaigh cárta beannachta le haghaidh lá idirnáisiúnta a bhaineann le coincheap an Chomhionannais do Chách, mar shampla Lá Idirnáisiúnta na Leanaí (20 Samhain) nó Lá Idirnáisiúnta na mBan (8 Márta).

Tá liosta iomlán de laethanta/seachtainí idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe le fáil ar https://www.un.org/en/observances/list-days-weeks

Is féidir úsáid a bhaint as ceann de theimpléid chárta Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne. Nó is féidir leat pictiúr a tharraingt le haghaidh do chárta féin nó do phreabchárta féin a dhéanamh. Is féidir seanchárta a athchúrsáil, nó úsáid a bhaint as scragall stáin, cairtchlár, stionsail nó aon rud eile a úsáid. Bí cruthaitheach!

An féidir leat cuimhneamh ar aon duine eile a d'fhéadfadh rud a dhéanamh faoin neamhionannas? Polaiteoir nó duine cáiliúil, b'fhéidir, a d'fhéadfadh feasacht a mhúscailt nó beart a dhéanamh? D'fhéadfá do chárta beannachta 'Comhionannas do Chách' a chur chuige nó chuici.

Iarr ar do mhúinteoir grianghraif de do chárta nó an cárta críochnaithe féin a sheoladh chugainn (sonraí iontrála le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie). *Ní bheadh a fhios agat – seans go bhfoilseofaí saothar leat in eagrán de* **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, *iris a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí*,** *in 2023.*

Féach na sonraí iontrála sna nótaí ar Shleamhnán 9. Tá faisnéis bhreise le fáil ar www.ourworldirishaidawards.ie

---